An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Tuairisceáin ar Imlonnú Acmhainní Teagaisc / Tráthchlár Múinteoirí

Socruithe don scoilbhliain 2020/2021

31 Lúnasa 2020

A phríomhoide, a chara,

Tabhair faoi deara, le do thoil, go n-iarrtar ar gach iar-bhunscoil sonraí ar imlonnú acmhainní teagaisc nó tráthchlár múinteoirí, a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna tríd an tairseach Esinet de réir na socruithe atá aontaithe i gcomhairle leis na comhlachtaí bainistíochta iar-bhunscoile agus leis an gCumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha. Is é an dáta deiridh do sholáthar na dtuairisceán seo don scoilbhliain 2020/2021 ná Dé Déardaoin **1 Deireadh Fómhair 2020.**

Úsáideann Cigireacht na Roinne na sonraí ar iomlonnú teagaisc le pleanáil Cigireachta a éascú. Is féidir taighde agus anailís staitistiúil a dhéanamh ar na sonraí freisin le húsáid, mar shampla, mar bhonn eolais do thaighde na Roinne ar sholáthar múinteoirí. Déantar na sonraí a phróiseáil de réir reachtaíocht cosaint sonraí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an bhFógra Príobháideacht do thuairisceáin DTR ag: https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/Tuairisceain-ar-Imlonnu-Acmhainni-Teagaisc-Trathchlar-Muinteoirí .

Bailiú na dTuairisceán ar Imlonnú Acmhainní Teagaisc don scoilbhliain 2020/2021

Baileofar na tuairisceáin ar imlonnú acmhainní teagaisc (Tráthchlár Múinteoirí) don scoilbhliain 2020/2021 mar is gnách tríd an dtairseach EsiNet (www.esinet.ie).

Tá treoirlínte do chomhlánú na dtuairisceán ar fáil freisin ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna www.education.ie ag: https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/Tuairisceain-ar-Imlonnu-Acmhainni-Teagaisc-Trathchlar-Muinteoirí. Tá treoracha mionsonraithe ar an láithreán seo maidir le comhlánú na dtuairisceán.

Beifear buíoch díot as na Tuairisceáin ar Imlonnú Acmhainní Teagaisc (Tráthchlár Múinteoirí) a thiomsú agus a sholáthar in am. Féach chuige, le do thoil, go soláthrófar cóip den litir seo don duine atá freagrach as comhlánú na tuairisce.

Le gach dea-ghuí,

Pádraig MacFhlannchadha
Príomh-Chigire Cúnta

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 6553 | DES_DTR_Returns@education.gov.ie
www.education.ie